

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Uimhir Aitheantais TUSLA:	TU2015GY035
----------------------------------	-------------

Ainm na Seirbhíse:	Bóin Dé
---------------------------	---------

Seoladh na Seirbhíse:	Scoil Bhride, Scoil Náisiúnta, Mionloch, Co. na Gaillimhe
------------------------------	---

Eirchód:	H91 YD63
-----------------	----------

Ainm an tSoláthraí Chláraithe:	Máire De Brún
---------------------------------------	---------------

Cineál na Seirbhíse	Seisiúnach
----------------------------	------------

Dáta na Cigireachta:	10/03/2025
-----------------------------	------------

Líon na leanaí réamhscoile:	RN	16	IN	3
------------------------------------	----	----	----	---

Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:	Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Cigireacht Luathbhlianta, Stiúrthóireacht Dearbhaithe Cáilíochta, Foirgneamh Cliniciúil agus Riaracháin, Bloc A- (Conair Ghlas an 1ú hUrlár), Páirc Merlin, Gaillimh.
Cigireacht déanta ag:	F. Nic Dhonnacha
Teideal :	Cigire na Luathbhlianta

Údarás chun cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

Coinníollacha, má bhaineann le hábhar	Not Applicable
--	----------------

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cur síos ar an tseirbhís

Tá an tseirbhís réamhscoile seo Bóin Dé lonnaithe i seomra ranga i scoil náisiúnta Scoil Bhríde, Mionloch, Co. na Gaillimhe. Cuireann an réamhscoil Cúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE) agus cláir chúraim seisiúnach ar fáil ó 8.30r.n go dtí 11.30r.n agus seirbhís pháirtaimseartha ó 11.30r.n go 13.30i.n, ó Luan go hAoine. Usáidtear seomra súgartha amháin le limistéir sláintíochta. Freastalaíonn an réamhscoil ar uasmhéid de 22 leanbh ag aon am amháin. Tá spásanna súgartha lasmuigh ar thaobh agus ar chúl an áitribh atá slán agus sábháilte. Roinntear an spás ag amanna eágsúla leis na páistí in aois scoile. Cuireann an réamhscoil curaclam bunaithe ar an súgradh/spraoi agus atá dírithe ar an leanbh agus ar spéiseanna na bpáistí atá ag teacht chun cinn.

Soláthar foirne

Tá an soláthraí cláraithe ag obair sa scoil náisiúnta agus bíonn sí ar an láthair ar bhonn laethúil. Is í an soláthraí cláraithe an duine ainmnithe atá i gceannas ach tá sí neamh uimhriúil. Oibríonn triúr daoine fásta sa tseirbhís. Oibríonn an leas-duine atá i gceannas sa tseirbhís ar bhonn laethúil. Bhí duine fásta amháin agus mac léinn amháin os cionn ocht mbliana déag d'aois ag obair sa tseirbhís réamhscoile lá na cigireachta. Tá Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag an soláthraí cláraithe agus and leas duine a bhí i gceannas tá síad cláraithe ag Leibhéal 5 ar a laghad, i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige. Tá fianaise dhoiciméadach ag an bhfoireann ar oiliúint agus oideachas leanúnach.

Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláráithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís
- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
 - Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
 - Breathnú díreach
 - Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díródh ar rialachas, sláinte, folláine agus forbairt an linbh, sábháilteacht, áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Dhírigh an chigireacht ar scrúdú ar chomhlíonadh faoi

Rialachán 11 Leibhéil Foirne,

19 Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh,

Rialachán 25 Garchabhair,

Rialachán 26 Bearta um Shábháilteacht ó Dhóiteán,

Rialachán 28 Árachas,

Rialachán 30 Riachtanas Spáis Íosta.

Mar sin féin, nuair a dhéantar iniúchadh, sainaitníodh neamhchomhlíonadh breise a bhí i mbaol faoi

Rialachán 8 Clárú,

Rialachán 9 Bainistiú agus Earcaíocht

Rialachán 23 Sláinte, Sábháilteacht agus Leas an Linbh a Chosaint.

Tugtar breac-chuntas ar na torthaí sin sna rialacháin ábhartha sa tuarascáil seo

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaitnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coiscitheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

Eolas Breise

Ar an 10ú Márta 2025

Rinneadh atreorú chuig Roinn SOORS mar go raibh an tseirbhís ag feidmiú lasmuigh dá stádas clárúcháin.

Ar an 19ú Márta 2025

D'admhaigh Roinn SOORS go raibh teagmháil déanta leis an tseirbhís réamhscoile.

Ar an 20ú Márta 2025

Chuir an Roinn SOORS laghdú aird ar an tseirbhís tar éis chomhfhreagras a fháil ón soláthraí cláraithe go raibh siad chun filleadh ar a stádas clárúcháin a bhí acu.

Ar an 2ú lá d' Aibreán 2025

D'admhaigh an Oifig um Athrú ar Chúinsí cinneadh na soláthraithe cláraithe an t-iarratas ar sheirbhís pháirtaimseartha a tharraingt siar.

Buíochas

Is mian leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an soláthraí cláraithe, leis an ball foirne, leis an mac léinn agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

Cuid II - Clárúchán agus Clár

Rialachán 8 - Fógra faoi athrú in imthosca

(1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), 60 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

Bhí an tseirbhís ag feidmiú lasmuigh dá stádas clárúcháin ar lá na cigireachta.

Bhí seirbhís pháirtaimseartha bhreise i bhfeidhm ó 11.30r.n go 13.30i.n. Thug an fhoireann le fios go raibh sé i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2024. Cuireadh an t-athrú seo ar sholáthar seirbhíse in iúl do rannóg clárúcháin na cigireachta i rith mhí Iúil/Lúnasa 2024 ach measadh go raibh an t-iarratas neamh-iomlán.

Bhí tuilleadh faisnéise ag teastáil chun an t-iarratas a cuireadh isteach ag an am sin a chomhlánú.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coiscitheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 18/3/2025, 2/4/2025 agus 1/5/2025 chuir an soláthraí cláraithe in iúl an méid seo a leanas

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

Tá an tseirbhís réamhscoile tar éis filleadh ar sheirbhís seisiúin agus tá a n-iarratas ar sheirbhís pháirtaimseartha tarraingthe siar.

Tá an oifig um athrú cúinsí agus roinn SOORS curtha ar an eolas agus beidh an réamhscoil ag feidhmiú mar réamhscoil seisiúnach amach anseo.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Ar an 2/04/2025 cuireadh ríomhphost isteach ón Óifig um Athrú ar Chuinsí go bhfuil an tseirbhís réamhscoile tar eis filleadh ar ais mar sheirbhís seisiúnach agus go bhfuil an t-iarratas ar sheirbhís pháirtaimseartha réamhscoile tarraingt siar.

Nóta Tráchtach Achomair

Tá athbhreithniú déanta ag an gCigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainaitníodh faoi Rialachán 8 (1).

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh-

(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéseach léi sin, ar a laghad.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1)(a) Ba í an soláthraí cláraithe an duine atá ainmnithe i gceannas agus bhí duine ainmnithe in ann ionadaíocht a dhéanamh más gá.
- (b) Oibríonn an duine ainmnithe atá i gceannas (an soláthraí cláraithe) sa scoil náisiúnta, tá sí neamh-uimhriúil sa réamhscóile ach bhí sí ar fáil sa tseirbhís lá na cigireachta.
- (2) Bhí trí chomhad ar fáil agus rinne an cigire athbhreithniú orthu. I measc na dtorthaí bhí an méid seo a leanas le fáil:
- (a) Bhí trí cinn de na sé thagairtí bhailíochtaithe riachtanacha ar fáil ó iarfhostóir.
- (b) Bhí trí cinn de na sé thagairtí bailíochtaithe riachtanacha ar fáil ó fhoinse seachas iarfhostóir roimhe seo.
- (c) Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána don triúr duine fásta. Mar sin féin, níor chloígh an tseirbhís leis na frámaí ama athghrinnfhiosrúcháin mar atá leagtha amach san Fhógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta, rud a cheanglaíonn ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athnuachan gach trí bliana. Féach ar an bhfaisnéis atá leagtha amach faoi rialachán 23 den tuarascáil seo, le do thoil.
- (d) Bhí grinnfhiosrúchán póilíní idir-náisiúnta ar fáil do dhuine fásta amháin a bhí ag obair sa tseirbhís agus a bhí ina chónaí i stát eile ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí.
- (4) Tá mórdhámhachtain ar a laghad ag beirt as triúr daoine fásta atá ag obair sa tseirbhís i gCúram agus Oideachas Luath-óige ag Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasann an tAire a bheith coibhéseach.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

(4)

Ní raibh cáilíocht ag an mac léinn os cionn ocht mbliana déag d aois a bhí ag obair go díreach leis na leanaí I Dámhachtain íosta i gCáilíocht agus i Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige nó cáilíocht a mheasann an tAire a bheith coibhéiseach.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 11/3/2025, an 2/5/2025 agus an 9/5/2025 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

The student remains working in the service under supervision and a new qualified staff member has commenced employment since March 2025.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Rinneadh teastas cáilíochta do bhall foirne nua amháin a chrossheiceáil leis an Liosta de cháilíochtaí Luathbhlianta a aithníodh chun críocha riachtanais Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 a chomhlíonadh agus cuireadh Conarthaí Chlár Cúraim Leanaí DCYA faoi bhráid oifig na cigireachta luathbhlianta. Cuireadh uainchlár na foirne faoi bhráid oifig na cigireachta luathbhlianta chun láithreach an ball foirne nua sa réamhscoil a dhearbhu agus cuireadh an comhad foirne ábhartha isteach don bhall foirne nua.

Nóta Tráchtacha Achomair

Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainaitníodh faoi Rialachán 9 (4).

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

(2) Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin sásta sin.

(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-

(a) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhísí réamhscoile seachas seirbhís feighlíochta leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach go bhfuil 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí,

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) Le linn na cigireachta, d'oibrigh líon leordhóthanach daoine fásta go díreach leis na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís.

(2) Coinníodh an cóimheas idir duine fásta agus leanbh ar lá na cigireachta. Thug beirt dhaoine fásta aire do shé leanbh déag ar maidin agus thug beirt dhaoine fásta aire do thriúr páistí tráthnóna. Bhí na páistí go léir idir 3 bliana agus 5 bliana d'aois.

Ina theannta sin, chuidigh an soláthraí cláraithe leis an gcuid riaracháin den iniúchadh.

Duine fásta amháin agus mac léinn amháin os cionn 18 mbliana d'aois a bhí faoi mhaoirseacht agus a bhí ar shocrúchán oibre cúram leanaí sa tseirbhís réamhscoile, bhí siad ag obair leis na páistí sa réamhscoil.

Bhí na páistí go léir idir 3 bliana agus 5 bliana d'aois.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

(8)(a) Ní raibh an cigire luathbhlianta in ann a mheas an raibh beirt den fhoireann ar an áitreabh fad is a bhí an réamhscoil ag feidhmiú. Ní raibh aon taifead le fáil.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 1/5/2025 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

Tá bileog le haghaidh síniú isteach agus amach ar fáil do gach ball foirne sa scoil, tá sé ar fáil sa seomra foirne ar bhonn laethúil agus síníonn an fhoireann sa réamhscoil an bhileog tinrimh foirne sa tseirbhís réamhscoile. Beidh siad ag coinnéal leabhar tinrimh sa réamhscoil as seo amach.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Cuireadh cóip den bhileog tinrimh foirne réamhscoile faoi bhráid oifig na cigireachta luathbhlianta.

Nóta Tráchtach Achomair

Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainaitníodh faoi Rialachán 11 (8) (a).

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:

(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;

(i) mionsonraí i dtaobh uainchlár foirne ar bhonn laethúil;

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(h) Rinneadh sonraí tinreamh leanaí a thaifeadadh go cruinn i leabhar rolla tinrimh leanaí.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

(i) Níor coinníodh sonraí na n-uainchlár foirne sa tseirbhís réamhscoile. Cé go n-aithnítear gur thaifead duine fásta amháin a tinreamh ar bhonn laethúil, ní raibh aon taifead tinrimh ag an dara duine fásta.

Ní raibh aon fhianaise ann go raibh an t-am a tháinig an ball go dtí an tseirbhís agus a d'imigh siad, sosanna foirne, saoire bhliantúil na ionadaithe a tháinig ag freastal ar na bpáistí sa seomra súgartha.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 1/5/2025 agus an 12/05/2025 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

Tá bileog sínithe isteach agus amach na foirne sa seomra foirne le húsáid go laethúil sa scoil agus síníonn an fhoireann réamhscoile taifead tinrimh na foirne sa naionra

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Cuireadh cóip den bhileog tinrimh foirne réamhscoile faoi bhráid oifig na cigireachta luathbhlianta.

Nóta Tráchtach Achomair

Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainaitníodh faoi Rialachán (16)(i).

Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—

(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a) Riachtanais Bhunúsacha

- Chuir an tseirbhís bia sláintiúil chun cinn agus cuireadh bia agus sneaiceanna a sholáthraigh tuismitheoirí agus caomhnóirí ar fáil ag eatraimh rialta le linn na seirbhíse seisiúna agus páirtaimseartha. Bhí an dara lón ag na páistí a d'fhreastail ar bhonn páirtaimseartha le meascán de ceapairí, torthaí, craiceír agus iógart dá mbéile am lóin.
- Bhí deochanna agus cupáin na bpáistí ar fáil ó stáisiún deochanna a bhí ar fáil i rith an tseisiúin má bhraith siad go raibh tart orthu ag céim ar bith.
- Bhí an t-atmaisféar le linn am béile suaimhneach, le hidirghníomhaíocht shóisialta thaitneamhach idir na páistí agus an fhoireann.
- Spreag agus thacaigh an fhoireann leis na páistí a bheith neamhspleách. Bhí deis ag leanaí iad féin a bheathú le maoirseacht.
- Bhí na boird agus na cathaoireacha oiriúnach d'aois agus do chéimeanna forbartha na bpáistí.
- Bhí rochtain gan srian ag na páistí ar an leithreas agus ní raibh gá dóibh fanacht leis an leithreas a úsáid.
- Bhí deiseanna ag na páistí go léir bogadh faoi shaoirse agus a dtimpeallacht a iniúchadh, laistigh agus lasmuigh.

CAIDRIMH TACAÍOCHTA

- Léirigh na baill foirne cinealtas agus íogaireacht ina n-idirghníomhaíochtaí leis na páistí. Mar shampla, rinne na daoine fásta cumarsáid dhearfach leis na páistí agus shuigh siad in aice leo le linn cleachtaí boird, áit ar breathnaíodh orthu ag tairiscint cuddles, focla suaimhneach, agus ag canadh le chéile.
- D'oibrigh an fhoireann agus na tuismitheoirí i gcomhpháirtíocht laistigh den tseirbhís. Bhain siad úsáid as foirm phróifíl linbh ina raibh faisnéis luachmhar ag na baill foirne faoi rudaí a thaitin leis an linbh, nach dtaitníonn leo, gnáthamh laethúil, leasanna agus teaghlach agus go leor eile.

- Tar éis plé a dhéanamh leis na daoine fásta, cuireadh in iúl don chigire gur chuir siad eolas laethúil ar fáil do thuismitheoirí ó bhéal faoi eispéiris a bpáiste sa réamhscoil, lena n-áirítear rudaí is maith leo, spéiseanna agus roghanna an pháiste agus gníomhaíochtaí súgartha a bhí i gceist. Cuireadh an fhaisnéis seo ar fáil ag amanna bailithe agus trí theachtaireachtaí téacs, trí ghlaonna teileafóin, agus trí ríomhphost. Bhí nuachtlitir, córas ríomhphoist agus traic leabhar próifíle leanaí aonair ag an tseirbhís, a ghabh gníomhaíochtaí agus eispéiris an pháiste le fianaise grianghrafadóireachta agus príomhbhreathnóireachtaí a rinne na dhaoine fásta. Bhí téama na seachtaine bunaithe ar an Earrach, breathnaíodh ar na páistí ag foghlaim faoi Lá Fhéile Pádraig, an aimsir, agus ag insint scéalta.

CLÁR GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Bhí na gníomhaíochtaí faoi stiúir leanaí agus bhí deis ag na páistí an ceannaireacht a ghlacadh, a dtuairimí a chur in iúl agus rogha aclaíochta a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí agus i measúnú a dhéanamh ar threalamh súgartha i rith an tseisiúin.
- Breathnaíodh ar pháistí ar leith (cúntóirí beaga) ag fáil na lóin ón gcuisneoir, ag fiafraí cé leis é agus ag cur na málaí lóin ar an mbord, agus chuir na páistí eile a gcuid cupáin ar an mbord.
- Tugadh faoi deara go raibh deiseanna spraíúla ag gach páiste chun a gcuid riachtanas foghlama a fheabhsú i ngach réimse forbartha.
- Feabhsaíodh forbairt fhisiciúil le gníomhaíochtaí mínmhótair ar nós snáithitheadh, ag baint úsáide as boird bioráin, ollscil mhótair trí léim agus rith. Forbairt chognaíoch trí súgradh samhlaíochta sa chúinne baile, breathnaíodh ar roinnt páistí ag déanamh tae. Forbairt teanga, trí scéalaíocht, Lá Fhéile Pádraig a phlé agus trí idirghníomhaíocht shóisialta agus comhrá lena chéile. Breathnaíodh ar forbairt mhothúchánach ar an mbealach a d'imir na páistí cluichí le chéile. Bhí forbairt céadfach le feicéal trí iniúchadh ag na huigeachtaí agus na tógálacha éagsúla ag amanna sneaiceanna agus béile.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

Rialachán 20 – Saoráidí chun scíth a ligean agus súgradh a dhéanamh

1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe—

(b) go mbeidh saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann chun go bhféadfaidh leanbh réamhscoile a scíth a ligean i gcaitheamh an lae, agus i gcás seirbhís réamhscoile thar oíche, i gcaitheamh an lae agus na hoíche.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

20(1)(b) Ní raibh aon áiseanna leordhóthanacha ann do na páistí réamhscoile idir trí agus cúig bliana d'aois chun scíth a ligean nó codladh le linn oibriú na n-uaireanta seirbhíse páirtaimseartha. Admhaíodh gur cheannaigh an soláthraí cláraithe ceithre leaba, línéadach agus éadaí leapa do na páistí réamhscoile tar éis na cigireachta.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 2/4/2025 agus an 1/5/2025 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

Rinne an soláthraí cláraithe teagmháil leis an oifig um Athrú ar Chúinsí agus leis an roinn SOORS chun a chur in iúl dóibh nach raibh siad ag feidhmiú mar sheirbhís pháirtaimseartha a thuilleadh.

Ní theastaíonn an trealamh agus na hábhair a cheannaítear le haghaidh soláthar codlata i seirbhís pháirtaimseartha a thuilleadh toisc nach n-oibreoidh an tseirbhís ach mar sheirbhís seisiúnach amach anseo.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Fuarthas ríomhphost dar dáta 2/04/2025 ón Oifig um Athrú ar Chúinsí go bhfuil an tseirbhís réamhscoile tar éis fillleadh ar sheirbhís seisiúnach amháin.

Nóta Tráchtacha Achomair

Leis na gníomhartha agus leis an bhfianaise a chuir an soláthraí cláraithe isteach, ceartaíodh an neamhchomhlíonadh maidir leis an gcuid seo (1)(b) de Rialachán 20.

uid VI - Sábháilteacht

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

Cinntoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoilez a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinntoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Sábháilteacht Ghinearálta:

- Rinneadh na doirse agus na geataí inmheánacha agus seachtracha a dhaingniú go cuí chun cosc a chur ar leanaí rochtain a fháil ar limistéir neamhshábháilte, dul amach gan mhaoirseacht nó rochtain neamhúdairithe a cheadú ar an áitreabh.
- Coinníodh na hábhair agus an trealamh le linn na seirbhíse i riocht maith.
- Bhí limistéir stórála daingnithe chun cosc a chur ar na páistí rochtain a fháil ar an ábhar taobh istigh.
- Rialaíodh an t-uisce te sna báisíní níocháin ar fud na seirbhíse gan dul thar 43°C chun an baol go ndéanfaí páiste réamhscoile a sheachaint.

Rialú Ionfhabhtuith:

- Coinníodh na timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh i riocht glan agus sláinteachais.
- Bhí na háiseanna sláintíochta feistithe go cuí le huisce reatha te, gallúnach leachtach agus tuáillí páipéir láimhe agus triomadóirí láimhe chun dea-chleachtais sláinteachais láimhe a chur chun cinn.
- Níochán na páistí agus na daoine fásta a lámha ag eatrainmh chúí tar éis gníomhaíochtaí, leithris agus roimh am béile.
- Bhí fíocháin ar fáil go héasca agus inrochtana do na páistí i ngach seomra súgartha.
- Níor chaith aon leanbh clúidín ar lá na cigireachta.
- Bhí fuinneoga oscailte chun aeráil leordhóthanach a cheadú sa seomra súgartha i rith an lae.
- Bhí sé le feicéal go raibh an fhoireann ag glanadh go minic sa seomra súgartha agus coinníodh taifid ar gach rud.

Dáileadh Cógas:

- Níor tugadh aon chógas ar lá na cigireachta.

Coladh Sábháilte:

Bhí cúinne ciún ag an tseirbhís do na páistí chun breathnú ar leabhar nó seasamh amach as ghníomhaíocht más mian leo.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Sábháilteacht Dóiteáin:

- Bhí na bealaí ealaithe agus bealaí amach saor ó bhac agus bhí comharthaí shoiléir ar fáil chun na bealaí aslonnaithe dóiteáin a bhí taobh istigh a aithint.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

Sábháilteacht Ghinearálta

- Bhí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar fáil do thriúr daoine fásta. Mar sin féin, níor dátaíodh ceann de na nochtuithe grinnfhiosrúcháin seo laistigh de na trí bliana roimhe sin de réir Fhógra Rialála na Cigireachta Luathbhlianta 'EYI-RN12.3 Athnuachan Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána'. Léirigh an tseirbhís gur comhlíonadh an Fhógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena n-éilítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athnuachan gach trí bliana do bheirt den triúr daoine fásta atá ag obair sa tseirbhís.

Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 1/5/2025 agus an 9/05/2025 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

Sábháilteacht Ghinearálta

Tá an cóip is nua do grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána faighte agus coinnithe ar chomhad sa scoil anois.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Sábháilteacht Ghinearálta

Cuireadh an chóip is nua de grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chuig oifig chigireacht na luathbhlianta.

Nóta Tráchtacha Achomair

Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainaitníodh faoi Rialachán 23 pointe 1.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—
- (a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus
- (b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) Chuir an tseirbhís fianaise ar fáil go raibh beirt dhaoine fásta oilte i gcúrsa garchabhrach ar fáil le linn uaireanta oibriúcháin na seirbhíse do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.
- (2)(a) Bhí bosca garchabhrach sa seomra súgartha agus ag doras an limistéar súgartha lasmuigh le míreanna ábhair laistigh de dháta, stóráilte go sábháilte, a bhí éasca le teacht ar agus stóráilte in áit fheiceálach.
- (b) Léirigh an tseirbhís go raibh na boscaí garchabhair feistithe go hiomlán agus ar fáil do na leanaí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—
- (a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus
- (b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.
- (4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1)(a) Bhí taifead scríofa ar fáil de na druileanna dóiteáin míosúla a cuireadh i gcrích sa tseirbhís. An druil dóiteáin deireanach a taifeadadh dar dáta 27/02/2025.
- (b) Go raibh taifid ar fáil maidir le líon, cineál, agus cothabháil trealaimh comhraicthe dóiteáin le an tseirbhís bhliantúil dar dáta 09/09/2024.
- Bhí an tseirbhís bhliantúil dheireanach ag an gcóras aláraim braite deataigh agus dóiteáin don áitreabh dar dáta 09/12/2024.
- (4) Bhí fógraí a thaispeáint laistigh den sheirbhís le na nósanna imeachta a bhí le leanúint i gcás tine sa seirbhís.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 28 - Árachas

Cinnteoídh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Bhí árachas leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile le haghaidh seirbhíse páirtaimseartha le dáta éaga 30/06/2025. Chlúdaigh an t-árachas na nithe seo a leanas;

- dliteanas poiblí,
- timpiste phearsanta,
- in aghaidh tine agus goid,
- foirgnimh,
- turais a dhéantar mar chuid den soláthar seirbhíse.

Cuid VII - Ceanglais maidir le hÁitribh agus Spás

Rialachán 30 - Ceanglais íosta maidir le spás

(1) Faoi réir mhíreanna (2) go (6), cinnteoídh soláthraí cláraithe go mbeidh spás urláir atá leordhóthanach agus saor ó chonstaicí ar fáil san áitreabh do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile chun obair, súgradh agus gluaiseacht a dhéanamh.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1) (2)

Thomhais an cigire an seomra súgartha sa tseirbhís réamhscoile, bhí spás urláir glan leordhóthanach ar fáil mar seo a leanas.

Ainmneacha Seomraí	Méadair Chearnacha	Cineál Seirbhíse	Cineál Seirbhíse	Sceideal 6 Raon Aoise	Spás glan don Urláir	Cóimheasa Leanaí agus daoine Fásta	Uaslíon na bpáistí do raon aoise
Bóin Dé Naíonra seomra súgartha	72 m ²	Seisiúnach	2 bhliain 8 mí go 6 bliana d'aois	3-6 bliana d'aois	1.818 méadar cearnach	1: 11	22
				3-6 bliana d'aois	2.3 méadar cearnach Le haghaidh seirbhíse páirtaimseartha	1:8	31

Early Years Inspectorate Regulatory Report

Pre School

TUSLA Identifier:	TU2015GY035
--------------------------	-------------

Name of Service:	Bóin De
-------------------------	---------

Address of Service:	Scoil Bhride, National School, Mionloch, Co. Galway
----------------------------	---

Eircode:	H91 YD63
-----------------	----------

Name of Registered Provider:	Maire De Brun
-------------------------------------	---------------

Service type:	Sessional
----------------------	-----------

Date of Inspection:	10/03/2025
----------------------------	------------

No of pre-school children:	AM	16	PM	3
-----------------------------------	----	----	----	---

